Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Samhain 2022
(OR. en)

14975/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0176(COD)**

CODEC 1779
PECHE 469
PE 133

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013, a mhéid a bhaineann le srianta ar an rochtain ar uiscí an Aontais<br>- An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, ón 21 go dtí an 24 Samhain 2022) |

## I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 CFAE agus leis an dearbhú Comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla do nós imeachta na comhchinnteoireachta[1], bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla ann idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú faoin gcomhad seo ar an gcéad léamh.

Sa chomhthéacs sin, thíolaic an rapóirtéir Pierre KARLESKIND (Renew, FR), thar ceann an Choiste um Iascach (PECH), leasú comhréitigh (leasú 9) ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin agus dhá leasú (leasuithe 10 agus 11) ar an rún reachtach ina bhfuil ráitis. Is le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas a comhaontaíodh na leasuithe sin. Níor cuireadh aon leasuithe eile síos.

[1] IO C 145, 30.6.2007, lch. 5.

## II. VÓTÁIL

Nuair a vótáil an suí iomlánach an 22 Samhain 2022, ghlac sé an leasú comhréitigh (leasú 9) ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin, chomh maith le leasuithe 10 agus 11 ar an rún reachtach. Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é[2].

Léirítear leis an seasamh ón bParlaimint an méid a comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ón bParlaimint a fhormheas.

D'fhéadfaí an gníomh a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón bParlaimint.

---

[2] Rinneadh an leagan sin den seasamh ón bParlaimint atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a léiriú a rinneadh de bharr na leasuithe ar an togra ón gCoimisiún. Is le ***cló trom agus cló iodálach*** a aibhsítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Is leis an tsiombail ‘▌’ a léirítear téacs a scriosadh.

**IARSCRÍBHINN**

**(22/11/2022)**

## P9_TA(2022)0395

## An Comhbheartas Iascaigh (CBI): srianta ar an rochtain ar uiscí an Aontais

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 22 Samhain 2022 maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013, a mhéid a bhaineann le srianta ar an rochtain ar uiscí an Aontais (COM(2021)0356 – C9-0254/2021 – 2021/0176(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0356),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0254/2021),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 22 Meán Fómhair 2021[1],

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 12 Deireadh Fómhair 2022 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iascach (A9-0206/2022),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. ag formheas an ráitis chomhpháirtigh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún a ghabhann leis an rún seo, agus a fhoilseofar i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

3. ag cur sonrú sa ráiteas ón gCoimisiún atá i gceangal leis an rún seo, agus a fhoilseofar i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

---

[1] IO C 517, 22.12.2021, lch. 123.

4. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**P9_TC1-COD(2021)0176**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 22 Samhain 2022 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2022/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ▌ a mhéid a bhaineann le srianta ar an rochtain ar uiscí an Aontais**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3],

[2] IO C ***517, 22.12.2021***, lch. ***123***.
[3] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 22 Samhain 2022.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá rochtain chomhionann ag soithí iascaireachta an Aontais ar uiscí agus ar acmhainní an Aontais, faoi réir rialacha an Chomhbheartais Iascaigh (CBI).

(2) Le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] foráiltear i ndáil le maoluithe ar an riail maidir le rochtain chomhionann.

(3) I gcomhréir leis an Rialachán sin, údaraítear do na Ballstáit an iascaireacht a shrianadh do shoithí iascaireachta a bhíonn ag iascaireacht de ghnáth sna huiscí sin ó chalafoirt ar an gcósta cóngarach in uiscí suas le 12 mhuirmhíle óna mbonnlínte.

(4) Sna huiscí suas le 100 muirmhíle ó bhonnlínte na réigiún is forimeallaí den Aontas dá dtagraítear in Airteagal 349, an chéad mhír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), údarófar do na Ballstáit freisin an rochtain a shrianadh do shoithí iascaireachta atá cláraithe i gcalafoirt na réigiún sin.

(5) Chuaigh na rialacha atá ann cheana lena gcuirtear srian ar rochtain ar acmhainní laistigh de chriosanna 12 mhuirmhíle na mBallstát chun sochair do chúrsaí caomhnaithe trí iarracht iascaireachta a shrianadh sa chuid is íogaire d’uiscí an Aontais. Caomhnaíodh leis na rialacha sin gníomhaíochtaí iascaireachta traidisiúnta a bhfuil forbairt shóisialta agus eacnamaíoch roinnt pobal cósta ag brath go mór orthu.

---

4 Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

(6) Maidir leis na rialacha atá ann cheana lena gcuirtear srianta ar rochtain ar acmhainní bitheolaíocha na mara timpeall na réigiún is forimeallaí den Aontas dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE, an chéad mhír, chuir siad le caomhnú gheilleagar áitiúil na réigiún sin, ag féachaint don staid struchtúrach, shóisialta agus eacnamaíoch ina bhfuil siad.

(7) Rachaidh na maoluithe atá ann cheana a bhaineann le srianta ar rochtain ar uiscí an Aontais in éag an 31 Nollaig 2022. Ba cheart síneadh ama deich mbliana i ndiaidh an dáta sin a chur leis na maoluithe sin, chun leanúnachas na mbeart cosanta atá ann faoi láthair a áirithiú agus chun nach gcuirfear isteach ar an gcothromaíocht a baineadh amach ó tugadh isteach an córas speisialta sin. Is dlúthchuid de CBI iad na maoluithe sin, agus féadfar fad agus raon feidhme an tsínidh sin a athbhreithniú faoi chuimsiú aon athbhreithnithe ar CBI.

(8) I gcomhréir le hAirteagal 510 den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile[5], tá athbhreithniú le déanamh ar chur chun feidhme Cheannteideal a Cúig den Chomhaontú sin, lena n-áirítear ar na forálacha maidir le rochtain ar uiscí, ceithre bliana tar éis dheireadh na tréimhse coigeartaithe, dar críoch an 30 Meitheamh 2026.

[5] IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

(9) Ba cheart don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm na rialacha ginearálta i ndáil le rochtain ar uiscí dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 sula rachaidh na maoluithe in éag. Ba cheart an tuarascáil sin a chur isteach faoin 30 Meitheamh 2031.

(10) Ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 a leasú tar éis tharraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas Eorpach. Ba cheart an Iarscríbhinn sin a leasú tar éis don Iodáil agus don Ghréig iarraidh chomhpháirteach a dhéanamh maidir le rochtain soithí iascaireachta na hIodáile ar an limistéar 6-12 n.m. d'uiscí teorann na Gréige sa Mhuir Iónach, agus togra ón nGréig maidir le rochtain do shoithí iascaireachta na hIodáile ar limistéar 6-12 n.m. de limistéar eacnamaíoch eisiach na Gréige, i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

(11) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) i míreanna (2), (3) agus (4), cuirtear an dáta '31 Nollaig 2032' in ionad an dáta '31 Nollaig 2022';

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'5. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle faoi chur i bhfeidhm an Airteagail seo faoin 30 Meitheamh 2031.'.

(2) Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát ón 1 Eanáir 2023.

Arna dhéanamh i/sa [redacted] ,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* — *Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán* — *An tUachtarán*

IARSCRÍBHINN

‘IARSCRÍBHINN I

ROCHTAIN AR UISCÍ CÓSTA DE RÉIR BHRÍ AIRTEAGAL 5(2)

1. Uiscí cósta na hÉireann

(a) ROCHTAIN DON FHRAINC

| Limistéar geografach | Speiceas | Tábhacht nó tréithe ar leith |
|---|---|---|
| Cósta na hÉireann (6 go 12 mhuirmhíle) | | |
| 1. Ceann Iorrais siar ó thuaidh Gob Chorráin an Fhiaigh siar | Iasc grinnill | Gan teorainn |
| | Gliomach na hIorua | Gan teorainn |
| 2. Carn Uí Néid ó dheas Na Stácaí ó dheas | Iasc grinnill | Gan teorainn |
| | Gliomach na hIorua | Gan teorainn |
| | Ronnach | Gan teorainn |
| 3. Na Stácaí ó dheas Corcaigh ó dheas | Iasc grinnill | Gan teorainn |
| | Gliomach na hIorua | Gan teorainn |
| | Ronnach | Gan teorainn |
| | Scadán | Gan teorainn |
| 4. Corcaigh ó dheas, Ceann an Chairn ó dheas | Gach speiceas | Gan teorainn |
| 5. Ceann an Chairn ó dheas, Inis Sionnach soir ó dheas | Gach speiceas, seachas sliogéisc | Gan teorainn |

(b) ROCHTAIN DON ÍSILTÍR

| Limistéar geografach | Speiceas | Tábhacht nó tréithe ar leith |
|---|---|---|
| Cósta na hÉireann (6 go 12 mhíle) | | |
| 1. Na Stácaí ó dheas<br>Ceann an Chairn ó dheas | Scadán | Gan teorainn |
| | Ronnach | Gan teorainn |

(c) ROCHTAIN DON GHEARMÁIN

| Limistéar geografach | Speiceas | Tábhacht nó tréithe ar leith |
|---|---|---|
| Cósta na hÉireann (6 go 12 mhuirmhíle) | | |
| 1. An Seancheann ó dheas, Ceann an Chairn ó dheas | Scadán | Gan teorainn |
| 2. Corcaigh ó dheas<br>Ceann an Chairn ó dheas | Ronnach | Gan teorainn |

(d) ROCHTAIN DON BHEILG

| Limistéar geografach | Speiceas | Tábhacht nó tréithe ar leith |
|---|---|---|
| Cósta na hÉireann (6 go 12 mhuirmhíle) | | |
| 1. Corcaigh ó dheas<br>Ceann an Chairn ó dheas | Iasc grinnill | Gan teorainn |
| 2. Ceann Chill Mhantáin soir Loch Cairlinn soir ó dheas | Iasc grinnill | Gan teorainn |

2. Uiscí cósta na Beilge

| Limistéar geografach | Ballstát | Speiceas | Tábhacht nó tréithe ar leith |
|---|---|---|---|
| 3 go 12 mhuirmhíle | an Ísiltír | Gach speiceas | Gan teorainn |
| | an Fhrainc | Scadán | Gan teorainn |

3. Uiscí cósta na Danmhairge

| Limistéar geografach | Ballstát | Speiceas | Tábhacht nó tréithe ar leith |
|---|---|---|---|
| Cósta na Mara Thuaidh (ó theorainn na Danmhairge/na Gearmáine go dtí Hanstholm) (6 go 12 mhuirmhíle) | | | |
| | | | |
| Ó theorainn na Danmhairge/ na Gearmáine go dtí Blåvands Huk | an Ghearmáin | Iasc leathógach | Gan teorainn |
| | | Séaclaí agus cloicheáin | Gan teorainn |
| | an Ísiltír | Iasc leathógach | Gan teorainn |
| | | Iasc cruinn | Gan teorainn |
| Ó Blåvands Huk go dtí Bovbjerg | an Bheilg | Trosc | Gan teorainn ó 1 Meitheamh go 31 Iúil amháin |
| | | Cadóg | Gan teorainn ó 1 Meitheamh go 31 Iúil amháin |
| | an Ghearmáin | Iasc leathógach | Gan teorainn |
| | an Ísiltír | Leathóg | Gan teorainn |
| | | Sól | Gan teorainn |
| Ó Thyborøn go dtí Hanstholm | an Bheilg | Faoitín | Gan teorainn ó 1 Meitheamh go 31 Iúil amháin |
| | | Leathóg | Gan teorainn ó 1 Meitheamh go 31 Iúil amháin |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | an Ghearmáin | Iasc leathógach | Gan teorainn |
| | | Salán | Gan teorainn |
| | | Trosc | Gan teorainn |
| | | Liúdar | Gan teorainn |
| | | Cadóg | Gan teorainn |
| | | Ronnach | Gan teorainn |
| | | Scadán | Gan teorainn |
| | | Faoitín | Gan teorainn |
| | an Ísiltír | Trosc | Gan teorainn |
| | | Leathóg | Gan teorainn |
| | | Sól | Gan teorainn |
| Skagerrak<br>(Hanstholm go Skagen) (4 go 12 mhuirmhíle) | an Bheilg | Leathóg | Gan teorainn ó 1 Meitheamh go 31 Iúil amháin |
| | an Ghearmáin | Iasc leathógach | Gan teorainn |
| | | Salán | Gan teorainn |
| | | Trosc | Gan teorainn |
| | | Liúdar | Gan teorainn |
| | | Cadóg | Gan teorainn |
| | | Ronnach | Gan teorainn |
| | | Scadán | Gan teorainn |
| | | Faoitín | Gan teorainn |
| | an Ísiltír | Trosc | Gan teorainn |
| | | Leathóg | Gan teorainn |
| | | Sól | Gan teorainn |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Kattegat (3 go 12 mhíle) | an Ghearmáin | Trosc | Gan teorainn |
| | | Iasc leathógach | Gan teorainn |
| | | Gliomach na hIorua | Gan teorainn |
| | | Scadán | Gan teorainn |
| Ó Zeeland ó thuaidh go dtí líne dhomhanleithid a théann trí theach solais Forsnæs | an Ghearmáin | Salán | Gan teorainn |
| Muir Bhailt (lena n-áirítear Belts, Sound, Bornholm) (3 go 12 mhuirmhíle) | an Ghearmáin | Iasc leathógach | Gan teorainn |
| | | Trosc | Gan teorainn |
| | | Scadán | Gan teorainn |
| | | Salán | Gan teorainn |
| | | Eascann | Gan teorainn |
| | | Bradán | Gan teorainn |
| | | Faoitín | Gan teorainn |
| | | Ronnach | Gan teorainn |
| Skagerrak (4 go 12 mhíle) | an tSualainn | Gach speiceas | Gan teorainn |
| Kattegat (3 go 12 mhíle) [1] | an tSualainn | Gach speiceas | Gan teorainn |
| Muir Bhailt (3 go 12 mhíle) | an tSualainn | Gach speiceas | Gan teorainn |

[1] Arna thomhas ón líne chósta.

4. Uiscí cósta na Gearmáine

| Limistéar geografach | Ballstát | Speiceas | Tábhacht nó tréithe ar leith |
|---|---|---|---|
| Cósta na Mara Thuaidh<br><br>(3 go 12 mhuirmhíle) an cósta iomlán | an Danmhairg | Iasc grinnill | Gan teorainn |
| | | Salán | Gan teorainn |
| | | Corr ghainimh | Gan teorainn |
| | an Ísiltír | Iasc grinnill | Gan teorainn |
| | | Séaclaí agus cloicheáin | Gan teorainn |
| Ó theorainn na Danmhairge/ na Gearmáine go dtí pointe ó thuaidh Amrum ag 54° 43 ʼN | an Danmhairg | Séaclaí agus cloicheáin | Gan teorainn |
| An Cósta Baltach<br><br>(3 go 12 mhíle) | an Danmhairg | Trosc | Gan teorainn |
| | | Leathóg | Gan teorainn |
| | | Scadán | Gan teorainn |
| | | Salán | Gan teorainn |
| | | Eascann | Gan teorainn |
| | | Faoitín | Gan teorainn |
| | | Ronnach | Gan teorainn |

5. Uiscí cósta na Fraince agus na ranna thar lear

| Limistéar geografach | Ballstát | Speiceas | Tábhacht nó tréithe ar leith |
|---|---|---|---|
| Cósta an Atlantaigh Thoir Thuaidh (6 go 12 mhuirmhíle) | | | |
| Ó theorainn na Beilge/na Fraince go dtí oirthear Departement Manche (inbhear Vire-Grandcamp les Bains 49° 23’ 30” N-1° 2’ WNNE) | an Bheilg | Iasc grinnill | Gan teorainn |
| | | Muiríní | Gan teorainn |
| | an Ísiltír | Gach speiceas | Gan teorainn |
| Dunkerque (2° 20’ E) go dtí Cap d’Antifer (0° 10’ E) | an Ghearmáin | Scadán | Gan teorainn ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Nollaig amháin |

| Limistéar geografach | Ballstát | Speiceas | Tábhacht nó tréithe ar leith |
|---|---|---|---|
| Cósta an Atlantaigh (6 go 12 mhuirmhíle) | | | |
| Ó theorainn na Spáinne/na Fraince go dtí 46° 08’ N | an Spáinn | Ainseabhaithe | Iascaireacht dhírithe, Gan teorainn ó 1 Márta go 30 Meitheamh |
| | | | Iascaireacht le haghaidh baoite beo ón 1 Iúil go 31 Deireadh Fómhair amháin |
| | | Sairdíní | Gan teorainn ó 1 Eanáir go 28 Feabhra agus ón 1 Iúil go 31 Nollaig |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | Ina theannta sin, gníomhaíochtaí<br><br>a bhaineann leis an méid thuas-<br><br>a bhaineann leis na<br><br>speicis a luaitear<br><br>ní mór tabhairt fúthu<br><br>i gcomhréir le teorainneacha<br><br>na ngníomhaíochtaí a saothraíodh<br><br>i rith 1984 agus laistigh de na teorainneacha sin |
| Cósta na Meánmhara<br><br>(6 go 12 mhuirmhíle) | | | |
| Teorainn na Spáinne Cap Leucate | an Spáinn | Gach speiceas | Gan teorainn |

6. Uiscí cósta na Spáinne

| Limistéar geografach | Ballstát | Speiceas | Tábhacht nó tréithe ar leith |
|---|---|---|---|
| Cósta an Atlantaigh (6 go 12 mhuirmhíle) | | | |
| Ó theorainn na Fraince/na Spáinne go dtí<br>Teach solais Cap Mayor (3° 47’ W) | an Fhrainc | Iasc peiligeach | Gan teorainn i gcomhréir le teorainneacha na ngníomhaíocht aí a saothraíodh i rith 1984 agus laistigh de na teorainneacha sin. |
| Cósta na Meánmhara<br>(6 go 12 mhuirmhíle) | | | |
| Teorainn na Fraince/Cap Creus | an Fhrainc | Gach speiceas | Gan teorainn |

7. Uiscí cósta na Cróite[1]

| Limistéar geografach | Ballstát | Speiceas | Tábhacht nó tréithe ar leith |
|---|---|---|---|
| 12 mhíle agus é teoranta don limistéar mara faoi dhlínse na Cróite atá suite ó thuaidh den líne 45 céim agus 10 nóiméad dhomhanleithid ó thuaidh fad chósta thiar Istria, amach ó theorainn fhorimeallach fharraige teorann na Cróite, áit a mbuaileann an domhanleithead seo talamh chósta thiar Istria (ceann Grgatov rt Funtana) | an tSlóivéin | Iasc grinnill agus speicis bheaga peiligeach lena n-áirítear mionsairdín agus ainseabhaí | 100 tona do líon uasta 25 soithí iascaireachta lena n-áirítear 5 shoitheach iascaireachta atá feistithe le trál |

[1] Beidh feidhm ag an gcóras thuasluaite ó chur i bhfeidhm iomlán an chinnidh eadrána a eascraíonn ón gComhaontú Eadrána idir Rialtas Phoblacht na Slóivéine agus Rialtas Phoblacht na Cróite, arna shíniú i Stócólm an 4 Samhain 2009.

8. Uiscí cósta na hIsiltíre

| Limistéar geografach | Ballstát | Speiceas | Tábhacht nó tréithe ar leith |
|---|---|---|---|
| (3 go 12 mhuirmhíle) an cósta iomlán | an Bheilg | Gach speiceas | Gan teorainn |
| | an Danmhairg | Iasc grinnill | Gan teorainn |
| | | Salán | Gan teorainn |
| | | Corr ghainimh | Gan teorainn |
| | | Bolmán | Gan teorainn |
| | an Ghearmáin | Trosc | Gan teorainn |
| | | Séaclaí agus cloicheáin | Gan teorainn |
| (6 go 12 mhuirmhíle) an cósta iomlán | an Fhrainc | Gach speiceas | Gan teorainn |

9. Uiscí cósta na Slóivéine[1]

| Limistéar geografach | Ballstát | Speiceas | Tábhacht nó tréithe ar leith |
|---|---|---|---|
| 12 mhíle agus é teoranta don limistéar mara faoi dhlínse na Slóivéine atá suite ó thuaidh den líne 45 céim agus 10 nóiméad dhomhanleithid ó thuaidh fad chósta thiar Istria, amach ó theorainn fhorimeallach fharraige teorann na Cróite, áit a mbuaileann an domhanleithead seo talamh chósta thiar Istria (ceann Grgatov rt Funtana) | an Chróit | Iasc grinnill agus speicis bheaga peiligeach lena n-áirítear mionsairdín agus ainseabhaí | 100 tona do líon uasta 25 soithí iascaireachta lena n-áirítear 5 shoitheach iascaireachta atá feistithe le trál |

[1] Beidh feidhm ag an gcóras thuasluaite ó chur i bhfeidhm iomlán an chinnidh eadrána a eascraíonn ón gComhaontú Eadrána idir Rialtas Phoblacht na Slóivéine agus Rialtas Phoblacht na Cróite, arna shíniú i Stócólm an 4 Samhain 2009.

10. Uiscí cósta na Fionlainne

| Limistéar geografach | Ballstát | Speiceas | Tábhacht nó tréithe ar leith |
|---|---|---|---|
| Muir Bhailt (4 go 12 mhíle)[1] | an tSualainn | Gach speiceas | Gan teorainn |

[1] 3 go 12 mhíle timpeall Oileáin Bogskär.

11. Uiscí cósta na Sualainne

| Limistéar geografach | Ballstát | Speiceas | Tábhacht nó tréithe ar leith |
|---|---|---|---|
| Skagerrak (4 go 12 mhuirmhíle) | an Danmhairg | Gach speiceas | Gan teorainn |
| Kattegat (3 go 12 mhíle)[1] | an Danmhairg | Gach speiceas | Gan teorainn |
| Muir Bhailt (4 go 12 mhíle) | an Danmhairg | Gach speiceas | Gan teorainn |
| | an Fhionlainn | Gach speiceas | Gan teorainn |

[1] Arna thomhas ón líne chósta.

12. Uiscí cósta na Gréige

| Limistéar geografach | Ballstát | Speiceas | Tábhacht nó tréithe ar leith |
| --- | --- | --- | --- |
| An Mhuir Iónach 6 go 12 mhuirmhíle in uiscí teorann na Gréige | an Iodáil | Ceifileapóid<br>Crústaigh<br>Iasc grinnill<br>Speicis pheiligeacha mhóra | Líon uasta<br>68 soitheach |
| Ó dheas-Soir ó dheas ó oileán na Créite (Soir ó 26˚00’00” E) 6 go 12 mhuirmhíle in EEZ na Gréige | | | |
| Ó dheas-Soir ó dheas ó oileán Koufonisi 6 go 12 mhuirmhíle in EEZ na Gréige | | | |
| Ó dheas-Siar ó dheas ó oileán Kasos 6 go 12 mhuirmhíle in EEZ na Gréige | | | |
| Ó dheas-Soir ó dheas ó oileán Karpathos 6 go 12 mhuirmhíle in EEZ na Gréige | | | |
| Ó dheas-Siar ó dheas (Siar ó 27˚59’02.00” E) ó oileán Ródas 6 go 12 mhuirmhíle in EEZ na Gréige. | | | |

’

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN RÚN REACHTACH

**Ráiteas ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún maidir le hiascaigh i Muir nIocht**

Tugann an Coimisiún agus Parlaimint na hEorpa dá n-aire staid na n-iascach i Muir nIocht agus na hábhair imní a chuir páirtithe leasmhara áitiúla agus réigiúnacha, lena n-áirítear iascairí, in iúl maidir leis an úsáid a bhaineann roinnt soithí as líonta saighne grinneallacha.

Molann an Coimisiún agus Parlaimint na hEorpa dlúthchomhar idir na páirtithe leasmhara sin agus na tionscnaimh uathu agus iarrann siad ar na Ballstáit obair leantach a dhéanamh, i gcás inarb ábhartha, trí mholtaí comhpháirteacha a chur isteach. Déanfaidh an Coimisiún bearta leantacha, i gcás inarb iomchuí, lena n-áirítear bearta teicniúla, bunaithe ar chomhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara agus ar an measúnú a dhéanfaidh comhlachtaí eolaíochta ábhartha lena n-áirítear an measúnú ar na tionchair shocheacnamaíocha. Maidir leis sin, áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh cistiú ar fáil le haghaidh taighde eolaíoch agus comhairle eolaíoch.

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir le hathbhreithniú ar an Rialachán CBI**

I gcás ina measfaidh sé Rialachán CBI a athbhreithniú, déanfaidh an Coimisiún measúnú tionchair, i gcomhréir leis na prionsabail maidir le Rialáil Níos Fearr. Cuirfidh an Coimisiún an measúnú tionchair ar fáil do na comhreachtóirí an tráth a fhoilseoidh sé togra den sórt sin.

De rogha air sin, smaoineoidh sé ar thuairisciú ar chur chun feidhme an Chomhbheartais Iascaigh faoin 2032 ar a dhéanaí.